RTÉ Home School Hub

Dé Máirt
12ú Bealtaine



Rang 5 & Rang 6
**Eolaíocht**

# Claonmhéadar Chlíona

Inniu d'fhoghlaim muid gur píosa trealaimh áisiúil atá i gclaonmhéadar a úsáidtear chun uillinneacha a thomhas nó chun áireamh a dhéanamh ar neas-airdí. Úsáidtear go minic é i bhforaoiseacht, innealtóireacht agus réalteolaíocht. Ceapadh os cionn 1,000 bliain ó shin é agus píosa trealaimh thar a bheith tábhachtach a bhí ann do loingseoirí.



**Ag teastáil uait** – Cárta nó páipéar (2 phíosa greamaithe le chéile), peann luaidhe, téip, coinlín óil, compás (níl sé riachtanach), uillinntomhas*, snáithe, marla / taos / blue tack. *is féidir leat an teimpléad claonmhéadair atá ag bun na treoracha a phriontáil muna bhfuil uillinntomhas agat, níl le déanamh ach é a ghreamú le píosa cárta agus gearr amach é agus ansin lean na treoracha ó chéim 3 ar aghaidh.





**01** Úsáid compás nó taobh phláta chun an ciumhais chuar a tharraingt agus ansin marcáil 0 céim, 90céim isteach ar an dá cheann den chuar.

**02** Socraigh do uillinntomhas ar an líne idir 0 céim agus 90 céim agus marcáil an uillinn 45 céim air agus tarraing líne uaidh sin go dtí an coirnéal.

**03** Gearr amach an claonmhéadar.



# Claonmhéadar Chlíona

**04** Greamaigh an coinlín óil ar bharr an chárta. Gearr an coinlín óil chun go mbeidh sé ar cóimhéid leis an gcárta.



**05** Greamaigh roinnt marla le píosa sreangáin agus croch é ionas go mbeidh an snáithe agus marla crochta go neamhshrianta. Anois is féidir leat do chlaonmhéadar a úsáid.



**Conas claonmhéadar a úsáid:**

**01** Seas os comhair chrainn gur mhaith leat an airde a thomas.

**02** Ag féachaint tríd an gcoinlín óil ag an taobh is faide ón sreangán, athraigh an uillinn ar an gcárta go dtí go mbíonn sé crochta ag 45º.

**03** Anois siúl i dtreo nó ón gcrann go dtí go bhfeiceann tú barr an chrainn tríd an gcoinlín óil. (Tá sé úsáideach cara a bheith i do theannta le súil a choinneáil ar an sreangán duit).

**04** Tomhais an fad idir tú féin agus an bun an chrainn agus sin an neas-airde atá ag an gcrann.

# Teimpléad Claonmhéadair




# Cén Crann

Agus tú amuigh ag tomhas airde na gcrann, seo roinnt nod duit ar conas roinnt de na crainn Éireannacha comónta a aithint trí féachaint ar na duilleoga.

**Crann:** Dair

**Cur Síos:**
- Tá uigeacht gharbh ag duilleoga dara-cha, tá siad dúghlas, le ciumhaiseanna iomaireacha.

**Toradh:** Dearcán (Feictear torthaí na gcrann san Fhómhar)

**Duilleog**



**Crann:** Fuinseog

**Cur Síos:**
- Tá duilleoga glasa na fuinseoige ubhchruthach agus ciumhaiseanna mantacha orthu. Bíonn idir 9-15 duillíní ar gach gas.

**Toradh:** Síolta eiteacha atá ar nós cloigín mór eochracha

**Duilleog**



**Crann:** Beith Gheal

**Cur Síos:**
- Tá duilleoga triantánacha le ciumhaiseanna mantacha aige atá glas éadrom agus biorach. Coirt bhán le línte dubha

**Toradh:** Caitíní

**Duilleog**



**Crann:** Crann Cnó Capaill

**Cur Síos:**
- Tá duilleoga an chrainn chnó capaill roinnte i 5-7 duillíní atá cosúil le méara fada glasa a síneann amach ón ngas láir.

**Toradh:** Cnó capaill lonracha a dtugtar 'conkers' orthu sa Bhéarla. Fásann siad taobh istigh de chraiceann glas deilgneach.

**Duilleog**



**Crann:** Seiceamar

**Cur Síos:**
- Tá duilleoga leathain ag an seiceamar atá ar ghais fhada, le 5 liopaí bioracha mantacha.

**Toradh:** Déanann na torthaí atá ag an seiceamar síolta eiteacha atá ar nós héileacaptair.

**Duilleog**



# Tree-rific Jokes!

**How do trees access the internet?**
They log on!



**What's a tree's favourite subject in school?**
Geometree

**What did the tree say to the bully?**
Leaf me alone

**What type of tree fits in your hand?**
A palm tree



**What happened to the wooden car with wooden wheels and a wooden engine?**
It wooden go.

**Why are Christmas trees terrible at sewing?**
Because they keep dropping their needles.

# Silly Riddles

**What weighs more, a pound of leaves or a pound of logs?**

**What animals can jump higher than a tree?**

**Answers Riddles:** 1) They both weigh the same, they're both a pound! 2) All animals can jump higher than a tree; trees can't jump!